– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/887 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 maidir leis an samhailrialachán airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6],

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0046/2026),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2024;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún seo anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj.

6 IO L 142, 29.5.2019, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/887/oj.

24. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 i ndáil le dúnadh chuntais an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2024 (2025/2157(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le Comhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2024, agus freisin do na freagraí ó na Comhghnóthais[1],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[2] i dtaobh iontaofacht na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2024, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 2 Márta 2026 i ndáil le hurscaoileadh atá le deonú don Chomhghnóthas maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 (05753/2026 – C10-0049/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[3], agus go háirithe Airteagal 71 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an

---

1 IO C, C/2025/5736, 31.10.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/5736/oj?eliuri=eli%3AC%3A2025%3A5736%3Aoj&locale=ga.

2 IO C, C/2025/5407, 13.10.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/5407/oj?eliuri=eli%3AC%3A2025%3A5407%3Aoj&locale=ga.

3 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj.

Aontais[4], agus go háirithe Airteagal 71 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014[5], agus go háirithe Airteagal 26 de,

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/887 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 maidir leis an samhailrialachán airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6],

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0046/2026),

1. ag formheas dhúnadh chuntais an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2024;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

---

4 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

5 IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj.

6 IO L 142, 29.5.2019, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/887/oj.

25. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais°2024 (2025/2157(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Shliseanna don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis

Eorpaigh Aonair don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint do Riail 102 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[1], do Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[2] agus do na pacáistí smachtbhannaí a ghlac an Chomhairle in aghaidh na Rúise ina dhiaidh sin mar fhreagairt ar a fogha míleata in aghaidh na hÚcráine;

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0046/2026),

A. de bhrí gur bunaíodh Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan, an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach, an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa, an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014[3]'an Bunghníomh Aonair', mar a thugtar ar an gceann deireanach;

B. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE)

---

1 IO L 229, 31.7.2014, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj.

2 IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj.

3 IO L 427, 30.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2085/oj.

Uimh. 642/2014; de bhrí gur aistríodh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha go dtí an Comhghnóthas um Shliseanna i mí Iúil 2023 de bhun Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna[4];

C. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt in Aibreán 2007 le Cinneadh ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (2007/198/Euratom)[5];

D. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach le Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488[6];

E. de bhrí gur bunaíodh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála le Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála[7];

F. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair chun bainistíocht nuachóirithe aerthrách ta (BAT) a fhorbairt san Eoraip agus chun luas a chur le tabhairt i gcrích an Aerspáis Dhigitigh Eorpaigh trí thaighde agus nuálaíocht;

G. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a bhíonn ag díriú ar thaighde agus nuálaíocht chun an eitlíocht a chlaochlú i dtreo todhchaí inbhuanaithe atá aeráidneodrach;

H. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht sláinte atá idirdhisciplíneach, inbhuanaithe agus a thugann tús áite don othar;

---

4 IO L 229, 18.9.2023, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1782/oj.

5 IO L 90, 30.3.2007, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/198/oj.

6 IO L 256, 19.7.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1173/oj.

7 IO L 202, 8.6.2021, lgh. 1-31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj.

I. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan i réimse an taighde agus na nuálaíochta i dteicneolaíocht na gceall breosla agus hidrigine;

J. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é an Comhghnóthas um Shliseanna lena gcothaítear forbairt teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuálacha den chéad ghlúin eile agus lena dtreisítear cumas táirgthe sliseanna na hEorpa faoin Tionscnamh Sliseanna don Eoraip;

K. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht i gcomhair earnáil de thionscail bhithbhuanaithe chiorclacha atá inbhuanaithe agus iomaíoch;

L. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa le haghaidh taighde agus nuálaíochta in earnáil an iarnróid;

M. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach lena gcumasaítear comhthiomsú acmhainní chun ríomhaireacht ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a imlonnú san Eoraip;

N. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste a bhfuil sé d’aidhm aige ceannaireacht thionsclaíoch san Eoraip a éascú agus a fhorbairt i líonraí agus seirbhísí 5G agus 6G;

O. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bhíonn ag díriú isteach ar ualach socheacnamaíoch na ngalar tógálach san Afraic Fho-Shahárach a laghdú a bhuí le feidhmeanna teicneolaíochta sláinte nua agus feabhsaithe chomh maith le feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt do ghalair thógálacha chun críocha domhanda;

P. de bhrí gur bunaíodh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála chun oibriú i gcomhar le Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an mbeartas tionsclaíoch sa chibearshlándáil;

Q. de bhrí gurb é aidhm an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ná rannchuidiú an Aontais a chur ar fáil do thionscadal idirnáisiúnta fuinnimh comhleá ITER, an comhaontú maidir le cur chuige níos leithne idir Euratom agus an tSeapáin a chur chun feidhme, agus ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taispeána agus saoráidí gaolmhara;

R. de bhrí gur ghlac an tAontas Eorpach líon ard beart sriantach, nó smachtbhannaí, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, a bhaineann

le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an gcogadh, an bonn a bhaint ó chumas eacnamaíoch, airgeadais agus míleata na Rúise an iarracht chogaidh a choinneáil ar bun, iomláine chríochach na hÚcráine agus sábháilteacht a daonra a chosaint agus urraim don dlí idirnáisiúnta agus do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a áirithiú; de bhrí go bhfuil roinnt beart glactha ag an Aontas Eorpach chun deireadh iomlán a chur le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh na Rúise, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh núicléach;

S. de bhrí gur fhógair Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') go dtabharfaí isteach cur chuige iniúchóireachta athbhreithnithe do Chomhghnóthais, ag tosú leis an mbliain airgeadais 2025;

Ginearálta

1. á thabhairt dá haire gur cheart, le ról na gComhghnóthas, tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sna réimsí seo a leanas: iompar, fuinneamh, sláinte, tionscail bhithbhunaithe chiorclacha, príomh-chomhpháirteanna leictreonacha, intleacht shaorga, sár-ríomhaireacht, cibearshlándáil agus córais líonra; ag tathant ar na Comhghnóthais tiontú eolais eolaíoch ina nuálaíochtaí atá réidh don mhargadh a éascú agus sásraí a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar go rannchuideoidh a ngníomhaíochtaí le neamhspleáchas straitéiseach domhanda, iomaíochas, slándáil, lena n-áirítear spriocanna cibearshlándála, inbhuanaitheachta comhshaoil agus aeráide na hEorpa a neartú chun taighde, sonraí agus bonneagar criticiúil a chosaint; á iarraidh ar na Comhghnóthais oiliúint rialta chibearshlándála a chur chun cinn chun athléimneacht i gcoinne cibearbhagairtí a neartú;

2. á mheabhrú, faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, de réir na Cúirte, go bhfuiltear ag dréim leis go ndéanfaidh na Comhghnóthais taighde agus nuálaíochta buiséad tábhachtach EUR 17,2 billiún a bhainistiú ó ranníocaíocht airgid thirim an Aontais agus EUR 21,3 billiún de ranníocaíochtaí ó chomhaltaí eile a ghiaráil; á thabhairt chun suntais go bhfuiltear ag dréim leis, faoin CAI reatha, go ndéanfaidh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt buiséad EUR 5,6 billiún a bhainistiú[8];

3. á chur i bhfáth, i gcomhthéacs an chéad CAI eile don tréimhse 2028-2034, go leanfaidh Comhghnóthais de bheith ríthábhachtach chun bonn taca a chur faoi uathriail straitéiseach, inbhuanaitheacht, slándáil agus iomaíochas an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar an údarás buiséadach a áirithiú go dtabharfar maoiniú leordhóthanach, cobhsaí agus fadtéarmach do Chomhghnóthais faoi CAI a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir

8 https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/iter_en

lena bhfreagrachtaí méadaitheacha agus lena ról mar phríomhspreagthaí don nuálaíocht in earnálacha straitéiseacha amhail fuinneamh, teicneolaíochtaí digiteacha, leathsheoltóirí, fuinneamh glan, sláinte agus taighde a bhaineann le cosaint;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil cineál na gComhghnóthas bunaithe ar chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a stiúrann infheistíocht agus a dhéanann cistí poiblí agus príobháideacha a ghiaráil chun comhspriocanna a chistiú; á mheabhrú, i ndáil leis sin, nach mór do ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha spriocanna bunaithe a bhaint amach chun go leanfaidh comhpháirtíochtaí den sórt sin de bheith chun tairbhe an dá thaobh; á chur i bhfios, mar gheall ar ranníocaíochtaí neamhleora ó chomhaltaí príobháideacha, go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag roinnt Comhghnóthas maidir lena gcuspóirí a bhaint amach; á iarraidh, thairis sin, ar na Comhghnóthais agus ar an gCoimisiún spleáchas iomarcach ar ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise (IKAA) a sheachaint mar mhodh chun spriocanna a bhaint amach, agus a áirithiú go mbainfear úsáid iomchuí, thrédhearcach agus chomhréireach astu, ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de chláir oibre agus buiséid na gComhghnóthas agus nach ndéanann an Chúirt iniúchadh orthu; ag tathant, dá bhrí sin, trédhearcacht neartaithe agus formhaoirseacht an Choimisiúin ar mhodheolaíochtaí tuairiscithe agus bailíochtaithe gníomhaíochtaí breise (IKAA), agus tosaíocht a thabhairt do ranníocaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gComhghnóthas arna ndámhachtain go hiomaíoch;

5. ag aithint ról tábhachtach na gComhghnóthas maidir le huathriail straitéiseach, ullmhacht agus athléimneacht an Aontais a chur chun cinn i gcomhthéacs geopholaitiúil domhanda atá ag athrú go tapa, ina bhfuil dúshláin chasta atá ag teacht chun cinn; ag moladh rannchuidiú na gComhghnóthas leis an nuálaíocht theicneolaíoch, leis an neamhspleáchas digiteach agus leis an gcibearshlándáil, le réitigh iompair inbhuanaithe, le neamhspleáchas fuinnimh, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an tsláinte phoiblí;

6. á iarraidh ar na Comhghnóthais uile a bheith an-airdeallach ina gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus lánurraim á tabhairt do chóras beart sriantach an Aontais atá i bhfeidhm agus don chuspóir uathriail straitéiseach na hEorpa a chosaint;

7. ag aithint rannchuidiú suntasach na gComhghnóthas le taighde, nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch a chur chun cinn ar fud earnálacha amhail eitlíocht, iarnróid agus bainistíocht aerthráchta; ag dearbhú an róil ríthábhachtaigh atá acu maidir le tacú le cuspóirí tosaíochta an Aontais i ndáil le huathriail straitéiseach, inbhuanaitheacht, claochlú digiteach, slándáil agus iomaíochas.

8. á aithint gur ionstraim ríthábhachtach iad Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh chun acmhainneacht taighde agus nuálaíochta an Aontais a

neartú trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ar mhórscála a chothú i réimsí straitéiseacha tionsclaíocha; trína gcumas acmhainní a chomhthiomsú, comhar trasteorann a chomhordú agus an bhearna idir taighde eolaíoch agus cur in úsáid ar an margadh a dhúnadh, cuidíonn na Comhghnóthais le dlús a chur leis an dul chun cinn teicneolaíoch nach bhféadfadh gníomhaithe aonair a bhaint amach go neamhspleách; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé trédhearcacht, cuntasacht agus bainistiú éifeachtúil acmhainní poiblí ag na Comhghnóthais a áirithiú;

9. á aithint, trí lucht tionscail, lucht acadúil, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus údaráis phoiblí a shlógadh maidir le cuspóirí comhroinnte, go n-áirithíonn na Comhghnóthais úsáid éifeachtúil chistí an Aontais, go gcuireann siad ceannaireacht na hEorpa i bpríomhtheicneolaíochtaí straitéiseacha chun cinn, go dtacaíonn siad le nuálaíocht luachbhunaithe, le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais, agus go rannchuidíonn siad go díreach le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le fostaíocht ardcháilíochta ar fud an Aontais;

10. agtathant ar na Comhghnóthais dlús a chur lena ngníomhaíochtaí cumarsáide institiúideacha agus é d’aidhm leo feasacht leathan an phobail a áirithiú maidir lena rannchuidiú le cuspóirí an Aontais agus maidir leis an ngá atá le comhpháirtíochtaí institiúidithe a bhfuil gníomhaithe príobháideacha rannpháirteach iontu agus maidir leis an mbreisluach a bhaineann leo, agus é sin a dhéanamh ar bhealach soiléir agus oideachasúil;

11. á chur in iúl gur geal léi tuarascáil bhliantúil na Cúirte maidir le Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 (‘tuarascáil na Cúirte’) ina bhfuil ráiteas dearbhaithe sonrach do gach ceann de na Comhghnóthais maidir lena gcuntais bhliantúla agus a n-idirbhearta is bun leo; á chur i bhfios go láidir go bhfuil misean na Cúirte Iniúchóirí ríthábhachtach do chur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais agus d’fhormhaoirseacht ar an mbuiséad; á iarraidh go leanfaí den dea-chleachtas sin; á chur in iúl gur geal léi dea-chomhar na gComhghnóthas leis an gCúirt le linn dhréachtú na tuarascála ón gCúirt agus á chur in iúl gur geal léi na mínithe a tugadh ar roinnt de na barúlacha agus béim ar an ábhar a rinneadh sna freagraí a chuir na Comhghnóthais ar fáil;

12. ag cur sonrú san fhógra ón gCúirt an 1 Deireadh Fómhair 2025 maidir le cur chuige iniúchóireachta athbhreithnithe a thabhairt isteach do Chomhghnóthais ag tosú leis an mbliain airgeadais 2025; á thabhairt dá haire gur spreagadh an t-athrú sin, inter alia, mar gheall ar shrianta ar acmhainneacht foirne agus mar gheall ar scor iniúchtaí ar Chomhghnóthais faoi Fís Eorpach ag Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, a raibh Comhghnóthais iniúchta aici roimhe sin, rud a chuir teorainn le hinfhaighteacht dearbhaithe iniúchóireachta chomhlántaigh; á thabhairt dá haire, thairis sin, go bhforáiltear leis an gcur chuige nua do mhéid

leordhóthanach sampla iniúchóireachta, do chomhdhlúthú na hoibre iniúchóireachta ar fud na gComhghnóthas uile agus d'eisiúint dhá ráiteas dearbhaithe ar leithligh, le tacaíocht ó thuarascálacha téamacha agus speisialta breise; á iarraidh ar an gCúirt a áirithiú go gcuirfear an mhodheolaíocht athbhreithnithe chun feidhme go tráthúil agus go leanfaidh sí de na caighdeáin is airde cáilíochta, iontaofachta agus dearbhaithe iniúchóireachta a chomhlíonadh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

13. á chur in iúl gur geal léi gur bhain an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála neamhspleáchas airgeadais amach an 24 Meán Fómhair 2024; á thabhairt dá haire, dá bhrí sin, don bhliain airgeadais 2024, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar an gComhghnóthas sin den chéad uair, sa bhreis ar an aon Chomhghnóthas déag eile;

14. á chur i bhfáth go bhfuil sí ar an eolas go ndearna, nó go bhféadfadh sé go ndearna, mórimeachtaí ar dócha go mbeadh tionchar acu ar a bhfeidhmíocht difear suntasach do roinnt Comhghnóthas le linn na bliana airgeadais 2024; á thabhairt dá haire go háirithe:

    (a) go bhfuil tionchar mór fós ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar ghníomhaíochtaí Comhghnóthas áirithe; gur léir na tionchair sin go háirithe maidir le cur isteach ar shlabhraí soláthair, moilleanna ar chur chun feidhme tionscadal, agus méaduithe ar chostais oibríochtúla;

    (b) gur chuir Stáit Aontaithe Mheiriceá sciar an-mhór de na cláir atá á mbainistiú ag Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta ar ceal, lena n-áirítear cláir i réimse na sláinte domhanda, a bhféadfadh deiseanna cómhaoinithe agus comhpháirtíochta laghdaithe a bheith mar thoradh orthu don dá Chomhghnóthas den Aontas Eorpaigh atá ag feidhmiú sa réimse sin (Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus Comhghnóthas na Comhpháirtíochta maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha 3), chomh maith le rioscaí don slabhra soláthair agus don chur chun feidhme, agus brú airgeadais agus éiginnteacht mhéadaithe don Aontas; á chur i bhfios, áfach, go bhféadfadh uainiú an chealaithe sin a bheith ina dheis straitéiseach don Aontas a ról sláinte domhanda a neartú, athléimneacht a mhéadú, agus a cheannaireacht a dhearbhú;

(c) tháinig Rialachán an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga[9] i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024, lena mbunaítear creat dlíthiúil comhchoiteann le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca agus oibleagáidí trédhearcachta; beidh ar go leor Comhghnóthas, go háirithe iad sin atá ag gabháil do chomhpháirtíochtaí digiteacha, nuálaíochta agus do chomhpháirtíochtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga, oiriúnú don chreat sin, a bhféadfadh ceanglais chomhlíontachta mhéadaithe, measúnú riosca rialála, agus coigeartuithe ar raonta feidhme tionscadal, glaonna ar thograí, agus ar fhreagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na dtionscadal a bheith i gceist leis;

15. á mheabhrú nach mór do Chomhghnóthais a n-oibríochtaí a dhéanamh de réir bainistíocht fhónta airgeadais, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú go héifeachtach le cuspóirí beartais an Aontais chomh maith le cur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais; á chur in iúl, mar sin féin, gur cúis bhuartha di gnéithe áirithe, a tháinig chun cinn i dtorthaí na Cúirte, mar a chuirtear i láthair sa rún seo;

Cuntais bhliantúla

16. á thabhairt dá haire go léirítear sa tuarascáil ón gCúirt go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla 2024 an dá Chomhghnóthas déag a ndearnadh iniúchadh orthu, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais ón 31 Nollaig 2024, torthaí a n-oibríochtaí agus a sreafaí airgid, agus athruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir lena rialacháin airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur eisigh an Chúirt, dá bhrí sin, tuairimí iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla na gComhghnóthas;

17. á thabhairt dá haire go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais bhliantúla dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha; á thabhairt dá haire thairis sin, mar thoradh air sin, gur eisigh an Chúirt tuairimí iniúchóireachta gan choinníoll maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí is bun le cuntais na gComhghnóthas araon;

18. á thabhairt dá haire nach bhfuil faisnéis chuimsitheach maidir le ranníocaíochtaí carnacha na gcomhaltaí a rinneadh roimh neamhspleáchas i gcuntais bhliantúla an Lárionaid Eorpaigh um

---

9 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.

Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála do 2024; ní nochtar ranníocaíochtaí le leibhéal an chláir Fís Eorpach agus an chláir don Eoraip Dhigiteach i gcuntais bhliantúla 2024, ná ní chuirtear na ranníocaíochtaí iomlána i gcomparáid leis na spriocanna bliantúla a leagtar síos le haghaidh gach cláir; ag teacht leis an moladh ón gCúirt gur cheart don Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála ranníocaíochtaí deonacha airgeadais agus comhchineáil na mBallstát le gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus costais riaracháin ghaolmhara a bhailiú, faireachán a dhéanamh orthu agus tuairisciú a dhéanamh orthu go córasach;

19. á thabhairt dá haire gur measadh go raibh an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim íseal do gach Comhghnóthas;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

20. á thabhairt dá haire gurbh é EUR 3,2 billiún buiséad íocaíochta iomlán a bhí ar fáil in 2024 don dá Chomhghnóthas déag, a ndearna an Chúirt iniúchadh orthu; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go n-áirítear sa bhuiséad íocaíochta iomlán atá ar fáil leithreasuithe nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin a d’iontráil na Comhghnóthais arís i mbuiséad na bliana reatha agus ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí don chéad bhliain eile; á thabhairt dá haire ar bhealach níos beaichte:

    (a) gurbh é EUR 112,7 milliún an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i gcomparáid le EUR 111,2 milliún in 2023 agus EUR 110,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 241,5 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 42 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 36 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á thabhairt dá haire go raibh na rátaí ísle sin réamh-mheasta ag an gComhghnóthas agus gur eascair siad go príomha as an gcaiteachas oibríochtúil; á athdhearbhú gur cúis imní di, ón mbliain seo caite, ráta íseal cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair agus oibríochtúil, a thit tuilleadh go 45 % in 2024, i gcomparáid le 55 % in 2023; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur tugadh EUR 3,1 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí riaracháin nár úsáideadh anonn go buiséad 2025 in 2024; ina theannta sin, cuireadh EUR 11,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí riaracháin nár úsáideadh i leataobh i gcúlchiste le haghaidh caiteachas riaracháin atá beartaithe amach anseo; á athdhearbhú mholadh

na Cúirte, agus a buiséad íocaíochtaí riaracháin do 2027 á phleanáil aici, gur cheart do Thaighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair méid na leithreasuithe riaracháin nár úsáideadh agus atá carntha cheana féin faoi dheireadh 2024 a chur san áireamh go réamhghníomhach;

(b) ba é EUR 172,0 milliún an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan agus EUR 172,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i gcomparáid le EUR 269 milliún in 2023 agus EUR 302,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 486,0 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2024 99,9 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 84,4 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (gan na leithreasuithe nár úsáideadh a áireamh); ag tabhairt dá haire go raibh an ráta íocaíochta níos ísle de 84.4 % ann den chuid is mó mar gheall ar sheirbhísí a soláthraíodh ach nár sonrascadh agus nár tús-ualaíodh go fóill le haghaidh ghníomhaíochtaí 2025; ag aithint luas maith foriomlán chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, ráta íseal forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair agus oibriúcháin agus do bhuiséad íocaíochtaí Fís Eorpach nár shroich ach 67 % agus 52 % faoi seach in 2024; á thabhairt dá haire go bhfuil píolótú á dhéanamh ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ar chóras nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh, ar córas é nach bhfuil ag feidhmiú go hiomlán go fóill; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gComhghnóthas iontaofacht na sonraí a áirithiú trí phróiseáil iomchuí de láimh agus trí rialuithe fíoraithe breise i gcás inar gá;

(c) ba é EUR 269,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach i gcomparáid le EUR 223,2 milliún in 2023 agus EUR 205,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 225,9 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 65,6 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 94,6 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á chur i bhfáth rátaí ísle forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich 64,5 %; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil agus á iarraidh go ginearálta ar an gComhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(d) ba é EUR 215,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan i gcomparáid le EUR 268,9 in 2023 agus EUR 150,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 327,8 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 98 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 84,3 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, lena léirítear nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, mar sin féin, ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas bonneagair agus oibriúcháin, a shroich 58,2 %; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil; á tacú leis an moladh ón gCúirt gur cheart don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan, agus a bhuiséad íocaíochtaí riaracháin do 2027 á phleanáil aige, méid na leithreasuithe riaracháin nár úsáideadh a bhí carntha acu cheana féin faoi dheireadh 2024 a chur san áireamh go réamhghníomhach;

(e) EUR 1062,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Shliseanna i gcomparáid le EUR 835,7 milliún in 2023 agus EUR 724,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 518,4 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais um Shliseanna, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 99 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 67 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn go bhfuil roinnt saincheisteanna fós ann, go háirithe, ráta íseal forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich ráta cur chun feidhme 67 %, agus na híocaíochtaí don Eoraip Dhigiteach an-íseal ag 6 %; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil ach á chur in iúl gur oth léi go mór an ráta íseal leanúnach forghníomhaithe agus á iarraidh go ginearálta ar an gComhghnóthas luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(f) EUR 222,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach i gcomparáid le EUR 227,4 milliún in 2023 agus EUR 191,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 137,4 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht buiséid agus airgeadais an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach, gur shroich a ráta

forghníomhaithe buiséid iomlán 96 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 82 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhain le luas chur chun feidhme an bhuiséid;

(g) EUR 114,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa i gcomparáid le EUR 102,6 milliún in 2023 agus EUR 120,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 120,3 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 70 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 64 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur shroich ráta cur chun feidhme 2024 do bhuiséad oibríochtúil gníomhach Iarnród AE 99,9 % i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 87,9 % i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar sin féin, an ráta forghníomhúcháin íseal foriomlán; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil maidir leis na rátaí ísle sin, a bhaineann leis an ngá atá le buiséad a chaomhnú chun an dara sraith de thionscadail limistéar suaitheanta a mhaoiniú a síneofar a gcomhaontuithe deontais in 2026; á iarraidh ar an gComhghnóthas luas sláintiúil forghníomhaithe a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad; ag cur béim, ina leith sin, ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht a choinneáil ar bun don Chomhghnóthas agus cur chun feidhme cuí a ghníomhaíochtaí a áirithiú, i bhfianaise bhuntáistí comparáideacha an iarnróid i dtéarmaí feidhmíochta comhshaoil, úsáide talún, tomhaltais fuinnimh agus sábháilteachta;

(h) EUR 307,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach i gcomparáid le EUR 1 136 mhilliún in 2023 agus EUR 347,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 1 058 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 72 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 59 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn go bhfuil saincheisteanna fós ann a bhaineann le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á chur i bhfáth, go háirithe, ráta íseal forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, a shroich 59 %; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, gur thit

ráta cur chun feidhme íocaíochtaí deontais Fís Eorpach go 27 % in 2024 (i gcomparáid le 36 % in 2023), go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar chur i gcrích rialuithe teicniúla agus airgeadais ex-ante ar thuarascálacha tairbhithe; á chur i bhfios go láidir freisin ráta íseal forghníomhaithe a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá tiomnaithe do chaiteachas riaracháin, a shroich 61 %; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil ina fhreagraí i scríbhinn ar an tuarascáil ón gCúirt; ag tabhairt aird chuí ar an bhfaisnéis bhreise a chuir an Comhghnóthas i láthair le linn a éisteachta os comhair an Choiste um Rialú Buiséadach agus á iarraidh air go ginearálta luas sláintiúil cur chun feidhme a áirithiú do gach roinn dá bhuiséad;

(i) EUR 132,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste i gcomparáid le EUR 134,7 milliún in 2023 agus EUR 132,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 122,9 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 99 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 96 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhaineann le luas chur chun feidhme an bhuiséid; á thabhairt dá haire, mar sin féin, go bhfuil na rátaí cur chun feidhme measartha íseal don bhuiséad riaracháin, is é sin an caiteachas bonneagair agus oibriúcháin, a shroich 59 % de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 66 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus á iarraidh ar an gComhghnóthas a áirithiú go gcuirfear an chuid sin dá bhuiséad riaracháin chun feidhme ar bhealach níos fearr;

(j) EUR 224,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 i gcomparáid le EUR 136,4 milliún in 2023 agus EUR 80,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 2,2 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir na tuarascála ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 98 % don bhliain airgeadais 2024 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 96 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn nach raibh aon saincheisteanna tromchúiseacha ann a bhaineann le luas chur chun feidhme an bhuiséid; ag cur sonrú, áfach, i ráta íseal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do chuid dá bhuiséad riaracháin, is é sin na costais bhonneagair agus oibriúcháin, nár shroich ach 37 % de na leithreasuithe faoi

chomhair íocaíochtaí; ag cur sonrú sa mhíniú ar an gComhghnóthas agus á iarraidh air agus a bhuiséad íocaíochtaí riaracháin do 2027 á phleanáil aige bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an chuid sin dá bhuiséad riaracháin chun feidhme ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí mhéid na leithreasuithe riaracháin nár úsáideadh agus atá carntha cheana féin faoi dheireadh 2024 a chur san áireamh go réamhghníomhach;

(k) EUR 313,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 101,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 do Chomhghnóthas an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don tréimhse idir an 24 Meán Fómhair 2024, nuair a bhain an Comhghnóthas neamhspleáchas airgeadais amach, go dtí deireadh 2024, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán 90,5 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 82 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn nár tugadh faoi deara aon saincheisteanna móra a bhaineann le luas an chur chun feidhme bhuiséadaigh; ag tabhairt dá haire, áfach, ráta íseal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do chuid dá bhuiséad riaracháin, is é sin an roinn maidir le foirgnimh, TF agus eile, nár shroich ach 27,1 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil agus á iarraidh air a áirithiú go gcuirfear an chuid sin dá bhuiséad riaracháin chun feidhme ar bhealach níos fearr;

(l) EUR 811,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí sa bhuiséad iomlán a bhí ar fáil in 2024 don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt i gcomparáid le EUR 807 milliún in 2024 agus EUR 693,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le EUR 631,5 milliún in 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, thairis sin, de réir na tuarascála maidir le bainistiú buiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, gur shroich a ráta forghníomhaithe buiséid iomlán don bhliain airgeadais 2024 92 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 93 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a léiríonn nach raibh saincheisteanna tromchúiseacha ann a thuilleadh a bhaineann le luas chur chun feidhme an bhuiséid i gcomparáid le ráta forghníomhaithe 73 % in 2023 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas; á thabhairt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar ráta cur chun feidhme an chaiteachais oibríochtúil a shroich 92 % i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 93 % i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le 2023 nuair a bhí ráta

forghníomhaithe 70 % ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil;

21. á chur i bhfios go láidir gur gá do na Comhghnóthais uile a rialuithe airgeadais inmheánacha agus a gcreataí trédhearcachta a threisiú, chun a áirithiú go leithdháilfear cistí go héifeachtúil agus i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha an Aontais;

22. ag athdhearbhú imní na Cúirte maidir leis an úsáid íseal leanúnach a bhaineann Comhghnóthais áirithe as leithreasuithe i gcur chun feidhme a mbuiséad oibríochtúil agus riaracháin; á iarraidh ar na Comhghnóthais lena mbaineann dlús a chur le glacadh agus cur chun feidhme éifeachtach beart ceartaitheach i gcomhréir iomlán le moltaí na Cúirte chun atarlú na n-easnamh sainaitheanta sin a chosc; á chur i bhfáth go gcruthaíonn carnadh leithreasuithe nár úsáideadh barrachais airgid nach féidir a ath-imlonnú chuig gníomhaíochtaí agus cláir eile den Aontas; á mheas go léiríonn méadú leanúnach ar bharrachais airgid laigí i réalachas buiséid agus in acmhainneacht seachadta clár; á iarraidh ar an gCoimisiún plean bliantúil a éileamh le haghaidh laghdú barrachais do Chomhghnóthais a bhfuil barrachais leanúnacha acu, lena n-áirítear garspriocanna intomhaiste agus nasc soiléir le tosca cur chun feidhme moillithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di an méid seo a leanas:

    (a) gur tháinig méadú ar bharrachas airgid an Chomhghnóthais um Shliseanna le linn 2024 agus gur shroich sé EUR 479 milliún ag deireadh na bliana, i gcomparáid le EUR 438 milliún ag deireadh 2023; ag cur sonrú sa mhíniú a chuir an Comhghnóthas ar fáil; á iarraidh an athuair, mar sin féin, ar an gComhghnóthas um Shliseanna a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís agus á chur in iúl gur geal léi an uaillmhian a d’fhógair an Comhghnóthas an tsaincheist sin a cheartú le haghaidh 2025;

    (b) gur tháinig méadú ar bharrachas airgid an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh le linn 2024 agus gur shroich sé EUR 904,7 milliún ag deireadh na bliana, i gcomparáid le EUR 840,7 milliún ag deireadh 2023; ag tabhairt dá haire na bearta ceartaitheacha, ar cuireadh tús lena gcur chun feidhme in 2024; á iarraidh an athuair, mar sin féin, ar an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a iarrachtaí a chuíchóiriú chun a áirithiú nach dtarlóidh cásanna comhchosúla arís;

23. á chur in iúl gur geal léi an laghdú suntasach ar bharrachas airgid carntha an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan ó EUR 237 milliún ag deireadh 2023 go EUR 105 mhilliún ag deireadh 2024, atá ina laghdú 56 %; á thabhairt dá haire go bhfuil gá leis an mbarrachas atá fágtha chun a áirithiú go gcumhdófar na riachtanais íocaíochta don chéad 4 mhí de 2025; á mheas gur céim dhearfach í an fhorbairt sin i dtreo pleanáil airgeadais fheabhsaithe agus forghníomhú

buiséadach; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh an cur chuige sin a bheith ina dhea-shampla do Chomhghnóthais eile a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu;

24. ag athdhearbhú imní na Cúirte maidir leis na moilleanna leanúnacha ar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí le Comhghnóthais áirithe, go háirithe i bhfianaise an riosca go dteipfeadh ar roinnt Comhghnóthas a spriocanna ranníocaíochta a bhaint amach; á iarraidh ar na Comhghnóthais lena mbaineann leanúint de bhearta a chur chun feidhme chun cásanna den sórt sin a chosc amach anseo; á chur i bhfios go láidir gurb é freagracht agus oibleagáid na gComhghnóthas lena mbaineann na spriocanna rannchuidithe a bhaint amach agus go dtéann mainneachtain spriocanna ranníocaíochta a bhaint amach in aghaidh smaoineamh bunaidh na gComhghnóthas; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ar bhealach níos beaichte, an méid seo a leanas:

    (a) staid Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, nár bhain a sprioc maidir le ranníocaíocht oibríochtúil Eurocontrol amach ach leibhéal 70 %, rud a d’fhág nach raibh na ranníocaíochtaí beartaithe ar fáil don Chomhghnóthas chun a chuid d’Fhís 2020 a chur chun feidhme go hiomlán; á thabhairt dá haire go raibh ranníocaíochtaí Eurocontrol faoi bhun sprioc Fís Eorpach do 2024 freisin, agus nár bhain siad ach 16 % den sprioc EUR 500 milliún amach; ag teacht leis an moladh ón gCúirt gur cheart do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair comhoibriú le Eurocontrol chun a ranníocaíochtaí a mhéadú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn bliantúil;

    (b) staid Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 ina raibh leibhéal ranníocaíochtaí airgid thirim na gcomhpháirtithe rannchuiditheacha an-íseal ag deireadh 2024, ag EUR 15,6 milliún atá 4 % den sprioc EUR 400 milliún; á thabhairt dá haire go bhféadfadh an t-easnamh reatha sna ranníocaíochtaí éifeacht ghiarála ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais a laghdú go suntasach, rud a chuirfeadh baint amach chuspóirí an chláir i mbaol; á athdhearbhú mholadh na Cúirte gur cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 plean gníomhaíochta cuimsitheach a bhunú chun comhpháirtithe rannchuidithe breise ón Eoraip agus níos faide i gcéin a shainaithint agus a mhealladh, d’fhonn a chumas taighde agus nuálaíochta a neartú, ranníocaíochtaí airgeadais breise a dhaingniú, agus baint amach chuspóirí a chláir a áirithiú;

    (c) staid an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh, nár tháinig feabhas air i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus a raibh ranníocaíochtaí ó chomhaltaí príobháideacha faoi na cláir Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach ag deireadh 2024 gan athrú ag 0,3 % de sprioc CAI 2021-2027 de EUR 900 milliún; á chur i bhfáth arís eile gur cheart a mheas gur dualgas den Chomhghnóthais é spriocanna

ranníocaíochta a bhaint amach; ag athdhearbhú mholadh na bliana roimhe sin gur cheart don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún sa phróiseas chun athmheasúnú a dhéanamh ar an sprioc reatha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach chun a indéantacht a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an sprioc reatha agus á chur in iúl gur geal léi an próiseas leanúnach i ndáil leis sin;

Soláthar agus tairiscintí

25. á thabhairt dá haire nár chuir an Chúirt in iúl ina tuarascáil don bhliain 2024 saincheisteanna sonracha a bhaineann le soláthar agus tairiscintí; á chur i bhfáth, mar sin féin, a thábhachtaí atá an soláthar mar uirlis chun cuspóirí beartais a chur chun cinn amhail uathriail straitéiseach, nuálaíocht, clár oibre comhshaoil agus sóisialta, iomaíocht agus deimhneacht dhlíthiúil; ag spreagadh na gComhghnóthas cuimsiú critéar straitéiseach maidir le freagracht shóisialta, inbhuanaitheacht saolré, slándáil an tsoláthair, stóinseacht cibearshlándála, athléimneacht agus acmhainneacht nuálaíochta a neartú ina soláthairtí; ag tréaslú le roinnt Comhghnóthas a bhfuil cleachtais den sórt sin á gcur chun feidhme acu cheana féin (e.g. an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt lenar áiríodh ceanglais inbhuanaitheachta i níos mó ná 50 % dá sholáthairtí in 2024);

26. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh thras-eagraíochtúla i measc na gComhghnóthas sa soláthar poiblí agus i mbainistiú conarthaí le haghaidh míreanna leasa choitinn agus úsáide, lenar cuireadh chun cinn úsáid éifeachtúil eacnamaíoch na n-acmhainní atá ar fáil dóibh agus lenar méadaíodh a gcumhacht chaibidlíochta;

27. á iarraidh ar na Comhghnóthais uile a ngníomhaíochtaí a threisiú chun comhionannas inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal, d’fhonn cothromaíocht inscne a phríomhshruthú ar fud na ngníomhaíochtaí uile a bhaineann le soláthar, deontais agus tairiscintí i gcomhréir le prionsabail an fhiúntais, an bharr feabhais agus an chomhionannais deiseanna, agus a áirithiú ag an am céanna go dtabharfar aird chuí ar fheidhmíocht i gcinntí roghnúcháin agus cistiúcháin;

28. ag tathant ar na Comhghnóthais uile cothromaíocht gheografach a phríomhshruthú i ngach nós imeachta soláthair agus deontais, agus iomaíocht, cáilíocht agus barr feabhais á gcaomhnú ag an am céanna, agus údar cuí a thabhairt le cásanna nach mbaintear dáileadh leordhóthanach amach; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar na Ballstáit agus ar na réigiúin a bhfuil leibhéil ioncaim níos ísle nó acmhainneacht nuálaíochta theoranta acu chun tacú leis na réimsí sin agus chun a áirithiú go rannchuideoidh na Comhghnóthais

le héagothromaíochtaí forbartha a laghdú, agus a ráthú ag an am céanna go ndéanfar aistrithe teicneolaíochta agus fuinnimh ar bhealach cothrom agus cóir agus go gcaomhnófar comhtháthú réigiúnach; á chur i bhfáth gur cheart go leanfadh cistiú de bhreisluach Eorpach soiléir a sholáthar, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna;

29. á chur i bhfáth go bhfuil gá le dáileadh geografach cóir agus cothrom ar chistiú na gComhghnóthas, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin a bhfuil cumas nuálaíochta níos ísle acu agus ar FBManna, agus iomaíocht oscailte á caomhnú ag an am céanna agus á áirithiú go mbeidh breisluach Eorpach soiléir ag baint le tionscadail chistithe;

Folláine na foirne, earcaíocht agus cothromaíocht inscne

30. á chur in iúl gur cúis imní di staid na himeartha maidir le foireann a thabhairt chun críche laistigh den Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, go háirithe le luas mall na hearcaíochta agus, á iarraidh ar an gComhghnóthas a nósanna imeachta a chuíchóiriú chun comhlíonadh na bhfolúntas uile a áirithiú go pras;

31. ag cur sonrú sa mhíshástacht a mheastar a bheith ann i measc na foirne laistigh den Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, mar a léiríodh i suirbhé foirne a rinneadh le déanaí agus na himpleachtaí a bhaineann leis do dhea-bhail na foirne; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh baill foirne in ann oibriú i dtimpeallacht atá sábháilte go fisiciúil agus go síceolaíoch; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, a thábhachtaí atá sé eolas institiúideach a choinneáil; i ndáil leis an méid sin, ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, go bhfuil an Comhghnóthas fós ag brath go mór ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha; á iarraidh ar an gComhghnóthas bearta a dhéanamh go pras chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

32. á iarraidh an athuair go mbeadh beartas foirne comhleanúnach, trédhearcach agus cothrom ann ar fud na gComhghnóthas uile, lena n-áiritheofar dálaí oibre cuimsitheacha, forbairt gairme, cothromaíocht oibre is saoil, agus tacaíocht mheabhairshláinte; á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as socruithe solúbtha oibre agus á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh sé d’aidhm aige solúbthacht eagraíochtúil a áirithiú a fhreastalóidh ar riachtanais foirne na gComhghnóthas; ag tathant go bhfeabhsófaí an cumas tallann ardspeisialaithe a mhealladh agus dálaí oibre cuibhiúla agus cobhsaí á n-áirithiú agus dul chun cinn trédhearcach inmheánach gairme á chur chun cinn ag an am céanna;

33. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag na Comhghnóthais maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht sonraí maidir le hionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de agus dáileadh geografach ar fud na foirne agus na struchtúr rialachais; a tabhairt chun suntais go neartaíonn sonraí

feabhsaithe cuntasacht agus go gcumasaíonn siad gníomhaíochtaí níos spriocdhírithe chun éagsúlacht a chothú, ionadaíocht chothrom na gcomhaltaí a áirithiú, agus tacú le timpeallacht oibre shláintiúil agus tháirgiúil ar fud na gComhghnóthas;

34. á iarraidh ar na Comhghnóthais uile ionadaíocht chothrom i bpoist cheannaireachta agus chinnteoireachta a spreagadh, agus lánurraim á tabhairt do nósanna imeachta roghnúcháin atá bunaithe ar inniúlacht, agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhealach comhréireach agus trédhearcach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhearnaí pá agus comhdheiseanna a chur chun cinn maidir le dul chun cinn gairme; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, forbairtí dearfacha sa Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, inar mná iad 72.5 % den fhoireann agus inar fir iad 27.5 % den fhoireann, agus inar fir iad 40 % den fhoireann bainistíochta leathnaithe agus inar mná iad 60 % den fhoireann;

35. á chur i bhfios go láidir go n-áiritheoidh na Comhghnóthais go gcomhlíonfaidh tionscadail chistithe na caighdeáin shóisialta agus saothair is infheidhme, go rannchuideoidh siad le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, nuálaíocht, iomaíochas agus fostaíocht ardcháilíochta san Aontas agus go mbeidh siad ailínithe le prionsabail an aistrithe chóir;

36. ag tathant ar na Comhghnóthais comhar struchtúrtha a fhorbairt le hollscoileanna Eorpacha chun feabhas a chur ar fhor-rochtain do chéimithe óga agus chun earcaíocht amach anseo a threisiú; ag spreagadh na gComhghnóthas, thairis sin, chun soghluaisteacht ollscoile, taighde agus ghairmiúil a chur chun cinn agus bearta a achtú atá dírithe ar chaipiteal daonna a fhorbairt, go háirithe oibrithe óga, innealtóirí agus taighdeoirí, lena n-áirítear tionscadail infheistíochta a chomhtháthú san oideachas, san oiliúint agus san fhoghlaim obairbhunaithe chun nuálaíocht inbhuanaithe, leanúnachas lucht saothair, agus iomaíochas fadtéarmach gheilleagar na hEorpa a áirithiú;

Córais bhainistíochta agus rialaithe

37. á chur in iúl gur geal léi obair na Cúirte maidir le scrúdú a dhéanamh ar chaiteachas oibríochtúil na gComhghnóthas taighde agus nuálaíochta, ina raibh sampla de 33 idirbheart comhaontaithe deontais a roghnaíodh go randamach ó 2024 (íocaíochtaí eatramhacha nó deiridh agus imréiteach airleacan) ar leibhéal na dtairbhithe deiridh; á chur in iúl gur cúis imní di torthaí an scrúdaithe sin a léirigh go raibh earráidí sistéamacha leanúnacha ann; ag tabhairt dá haire go mbaineann na hearráidí sin go príomha le dearbhuithe míchearta maidir le costais foirne ag tairbhithe, lena n-áirítear ríomh na rátaí in aghaidh na huaire nó na rátaí laethúla, costais indíreacha a áireamh i gcostais aonaid, costais fochonraitheoireachta a dhearbhú mar chostais foirne, agus costais

trealaimh neamh-incháilithe a áireamh; á iarraidh ar na Comhghnóthais aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún agus ar an gComhsheirbhís Iniúchóireachta anailís chomhdhlúite a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh ar na bunchúiseanna atá le hearráidí athfhillteacha costais foirne ar fud na gComhghnóthas, agus tacú le treoir choisctheach chomhchuibhithe, le seiceálacha ex-ante spriocdhírithe do thairbhithe ardriosca, agus le ceartuithe airgeadais i gcás ina mbraitear earráidí comhchosúla;

38. á chur in iúl gur geal léi obair na Cúirte maidir leis an scrúdú ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, ina raibh sampla de 30 idirbheart randamacha; ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt cás nár tugadh aghaidh ar mhodhnú substaintiúil ar dhá chonradh tógála le nós imeachta soláthair nua; á iarraidh ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a áirithiú go spreagfaidh modhnuithe ábhartha ar chonarthaí athmheasúnú soláthair go córasach, lena n-áirítear athbhreithniú dlíthiúil agus réasúnú soiléir a fhoilsiú, agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta ceartaitheacha a rinneadh;

39. á chur in iúl gur cúis imní di cinneadh na Cúirte nach raibh creat rialaithe rioscabhunaithe le haghaidh íocaíochtaí deontais Fís Eorpach tugtha chun críche ach ag ceithre Chomhghnóthas (an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa, an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus an Comhghnóthas um Shliseanna) faoi mhí na Nollag 2024, in ainneoin an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar na híocaíochtaí sin; á mheabhrú go bhfuil creat rialaithe rioscabhunaithe atá láidir, córasach agus láraithe bunriachtanach chun rialuithe ex-ante ar thairbhithe ardriosca, obair leantach éifeachtach ar thorthaí iniúchóireachta, agus dearbhuithe iontaofachta an stiúrthóra a áirithiú; á chur i bhfáth gur cheart go ndíreodh obair iniúchóireachta agus rialaithe ar réimsí lena mbaineann riosca airgeadais agus feidhmíochta níos airde, agus gur cheart go mbainfeadh idirbhearta athfhillteacha ísealriosca tairbhe as modhanna fíoraithe simplithe; á chur i bhfios go láidir gur féidir le cur chuige den sórt sin dearbhú a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar thairbhithe agus ar stáit rannpháirteacha a laghdú go suntasach; á iarraidh ar na Comhghnóthais uile atá fágtha creat rialaithe rioscabhunaithe d’íocaíochtaí deontais Fís Eorpach/an Eoraip Dhigiteachaa thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear: (i) scóráil riosca shoiléir na dtairbhithe agus na dtionscadal, (ii) rialuithe ex-ante treisithe le haghaidh cásanna ardriosca, (iii) aiseolas córasach ar thorthaí iniúchóireachta ex-post maidir le pleanáil rialaithe amach anseo, agus (iv) tuairisciú comhsheasmhach i ndearbhú dearbhaithe an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;

40. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach léirítear go leordhóthanach le córas bainistithe riosca an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus

um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt na rioscaí ábhartha a eascraíonn as athbhreithniú 2024 ar bhonnlínte ITER, lena n-áirítear na himpleachtaí cothrománacha acmhainní daonna; ag tabhairt dá haire nach bhfuil faisnéis iomlán agus cothrom le dáta maidir le príomhrioscaí in uirlis bainistithe riosca TF an Chomhghnóthais, lena n-áirítear minicíocht, dóchúlacht agus tionchar airgeadais, rud a bhaineann an bonn ón tacaíocht do chinnteoireacht na bainistíochta agus dá gcumas neamhchosaint a chainníochtú agus maoluithe éifeachtacha a ghlacadh; á iarraidh ar an gComhghnóthas aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí bhearta iomchuí a chur chun feidhme go tráthúil;

Calaois, eitic agus coinbhleachtaí leasa

41. á chur in iúl gur geal léi nár ceanglaíodh le haon cheann de thorthaí na Cúirte don bhliain 2024 fógra a thabhairt don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ná d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) faoi chalaois amhrasta;

42. ag cur sonrú san fhaisnéis arna tuairisciú ag na Comhghnóthais maidir lena ngníomhaíochtaí a bhaineann le calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú; á iarraidh ar na Comhghnóthais feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise le OLAF agus, i gcás inarb infheidhme, le OIPE, lena n-áirítear tarchur córasach calaoise amhrasta; rialuithe ex-ante agus ex-post a threisiú i mbainistiú deontas, in éilimh ar chostais, i soláthar agus i bhfíorú inseachadta; bearta ceartaitheacha agus aisghabhálacha airgeadais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus gan mhoill, agus ceachtanna a foghlaimíodh á gcomhtháthú i nósanna imeachta amach anseo; agus tuairisciú bliantúil láidir a sholáthar ar éifeachtacht na mbeart frithchalaoise, le tacaíocht ó tháscairí soiléire cainníochtúla agus cáilíochtúla;

43. ag tabhairt dá haire go mbainistíonn Comhghnóthais EUR 38,5 billiún do 2021–2027, níos mó ná dhá oiread an mhéid a bainistíodh sa tréimhse roimhe sin, agus á chur i bhfáth go n-éilíonn acmhainní suntasacha den sórt sin faireachán láidir ar thorthaí chun luach ar airgead a áirithiú; á iarraidh ar na Comhghnóthais creat coiteann a ghlacadh chun feidhmíocht agus tionchair a thomhas, lena n-áiritheofar tuairisciú ar thorthaí thar chomhlíonadh rialacha airgeadais; á chur i bhfáth nach mór maoirseacht éifeachtach ar fheidhmíocht a chomhlánú le trédhearcacht láidir ghníomhaíochtaí na gComhghnóthas agus le coimircí coinbhleachta leasa do chomhaltaí a gcomhlachtaí rialaithe; ag tathant, ina leith sin, go bhfoilseofaí dearbhuithe leasa go córasach do chomhaltaí na gcomhlachtaí rialaithe, lena gcumhdaítear naisc airgeadais, ghairmiúla nó phearsanta le heintitis a thairbhíonn de chistiú na gComhghnóthas; á iarraidh go mbeadh tréimhse mharana ann don fhoireann shinsearach sula nglacfaidh sí poist nua in eagraíochtaí dá dtugtar tacaíocht agus á cheangal ar choistí eolaíocha, ar shaineolaithe neamhspleácha agus ar chomhaltaí an choiste

meastóireachta dearbhuithe a shíniú go cuí maidir le heaspa coinbhleachtaí leasa;

Ábhair imní a bhaineann leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach

44. á chur i bhfios, sa bhreis ar na saincheisteanna a sainaithníodh thuas, gur cheart aird níos mó a thabhairt ar na hábhair shonracha seo a leanas a bhaineann leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach;

45. á aithint gur tionscadal é ITER ar scála agus uaillmhian nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, a bhfuil baint ag 35 chomhpháirtí idirnáisiúnta leis, ina bhfuil ról lárnach ag an Aontas, mar óstach agus mar an rannchuiditheoir is mó, maidir le fís fhadtéarmach fuinnimh agus ceannaireacht eolaíoch na hEorpa a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur chuir eagraíocht ITER plean tionscadail athbhreithnithe faoi bhráid Chomhairle ITER i mí an Mheithimh 2024, lenar tugadh isteach bonnlínte nua chun teacht in ionad na mbonnlínte a formheasadh in 2016, lenar cuireadh siar deireadh na céime cóimeála ó 2025 (an chéad phlasma) go 2035 (tús na n-oibríochtaí taighde) agus lenar cuireadh síneadh le cur i gcrích foriomlán an tionscadail ó 2042 go 2059; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go bhfuil oibleagáidí seachadta an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt do ITER ag ardú ó EUR 21,6 billiún go EUR 25,8 billiún i luachanna 2024, rud a thugann le tuiscint go bhfuil EUR 4,2 billiún breise i ranníocaíochtaí ó Euratom agus ón bhFrainc le buiséad oibríochtúil an Chomhghnóthais; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an méadú measta ar chostais a eascraíonn as bonnlínte athbhreithnithe ITER a mhol ITER-IO i mí Iúil 2024 fós le glacadh go foirmiúil ag Comhairle ITER; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, gur gá bonnlínte athbhreithnithe ITER a chur ar bhonn foirmiúil agus a chur chun feidhme go tráthúil agus go hiomlán chun ceannaireacht an Aontais maidir le taighde ar chomhleá a choinneáil;

46. ag teacht leis na hábhair imní a chuir an Chúirt in iúl go méadaíonn bonnlínte athbhreithnithe ITER atá beartaithe neamhchosaint an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt go suntasach ar rioscaí teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí an bonn a bhaint d’inbhuanaitheacht fhadtéarmach an tionscadail mar gheall ar mhéaduithe costais, moilleanna leanúnacha ar phríomh-gharspriocanna agus trí iomaíocht ó thionscnaimh chomhleá i dtríú tíortha a threisiú, rud a d’fhéadfadh ábharthacht agus ceannaireacht ITER a chreimeadh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil éiginnteachtaí suntasacha dlíthiúla agus rialachais fós ann, go háirithe go bhféadfadh comhaltaí diúltú síneadh le Comhaontú ITER tar éis 2042 a fhormheas, nó go bhféadfadh foraithne óstála na Fraince dul in éag

sula gcuirfí tús le hoibríochtaí imoibreora, rud a d'fhéadfadh soiléireacht dhlíthiúil agus cuntasacht dhlíthiúil a chur i mbaol; ag tabhairt dá haire, thairis sin, agus é ina ábhar imní di, go bhféadfadh impleachtaí forleathana a bheith ag scála na modhnuithe teicniúla atá beartaithe ar acmhainneacht nuálach agus inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail; á chreidiúint go bhfuil na hábhair imní sin níos measa mar gheall ar bhrúnna airgeadais atá ag dul i méid, ós rud é go n-ardaíonn na ranníocaíochtaí níos airde is gá ón Aontas agus ón bhFrainc amhras faoi cibé acu is féidir nó nach féidir cistiú den sórt sin a choinneáil faoi CAInna amach anseo nó ag an stát óstach. á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, go bhfuil gá le pleanáil láidir airgeadais, bainistiú láidir agus comhleanúnach, dianmhaoirseacht agus méadrachtaí feidhmíochta soiléire ag an gComhghnóthas, bainistiú riosca treisithe, agus feabhsuithe leanúnacha ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht idir an Comhghnóthas, Eagraíocht ITER agus údarás buiséadach an Aontais; á chur i bhfios go láidir gur gá rialú costais, cistiú garspriocbhunaithe agus maoirseacht neamhspleách ar fheidhmíocht a neartú tuilleadh, agus aghaidh a thabhairt ar éiginnteachtaí dlíthiúla trí ghealltanais cheangailteacha maidir le creat iar-2042 agus oibleagáidí an stáit óstaigh; á chur i bhfáth, i bhfianaise scála, fhad agus ghéarú costais thionscadal ITER, nach mór measúnú a dhéanamh ar chistiú leanúnach ón Aontas ní hamháin i gcoinne garspriocanna teicniúla ach freisin i gcoinne costais deiseanna agus breisíocht aeráide chun breisluach Eorpach agus uathriail straitéiseach a áirithiú;

47. ag cur béim ar an moladh ón gCúirt gur cheart don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt feabhas a chur ar éifeachtacht a bhainistithe riosca, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar a uirlis TF le haghaidh bainistiú riosca ionas go mbeidh faisnéis iomlán aige maidir leis na príomhrioscaí ábhartha uile a eascraíonn as bonnlínte 2024; cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rialachas straitéiseach an Chomhghnóthais chun a áirithiú go leanfaidh ITER de bheith ábhartha ó thaobh na heolaíochta agus an gheilleagair de trí thagarmharcáil chórasach a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoinne iomaitheoirí domhanda agus tríd an acmhainneacht nuálaíochta a chosaint laistigh de shamhail maoinithe fhadtéarmach inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, gur gá an Comhghnóthas a athstruchtúrú agus acmhainní daonna a ath-leithdháileadh, chun úsáid dhíréireach soláthraithe seirbhíse seachtracha a laghdú, chun pleanáil agus bainistiú acmhainní níos fearr a áirithiú i gcomhréir le creat eiticiúil an Chomhghnóthais;

48. ag leagan béim ar na híogaireachtaí sonracha a bhaineann leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt i bhfianaise rannpháirtíocht leanúnach na Rúise, agus ag cur sonrú sna mínithe a tugadh le linn na héisteachta sa Choiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa maidir leis na coimircí a cuireadh i bhfeidhm chun rioscaí dlíthiúla, slándála agus

straitéiseacha gaolmhara a mhaolú; ag athdhearbhú a hiarrata an leibhéal is airde forairdill a fheidhmiú i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, ar nós an Rúis, agus lánurraim á tabhairt do bhearta sriantacha an Aontais atá i bhfeidhm;

49. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di rannpháirtíocht leanúnach na Rúise i dtionscadal ITER; á iarraidh ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt forfheidhmiú dian agus iomlán smachtbhannaí an Aontais in aghaidh na Rúise a áirithiú, lena n-áirítear srianta soláthair ar chomhpháirteanna le haghaidh soláthairtí Eorpacha do ITER; ag tathant ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt an spleáchas uile atá fós ar an Rúis a íoslaghdú agus aon teagmhálacha déthaobhacha agus aon rannpháirtíocht dhéthaobhach léi a sheachaint a d’fhéadfadh leasanna agus luachanna straitéiseacha an Aontais a chur i mbaol; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nach bhfuil cathaoirleacht Chomhairle ITER glactha ag an Rúis le dhá bhliain anuas nuair a bhí sí dlite i gcomhréir le prionsabal uainíocht na gcathaoirleach; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ráthaítear leis na rialacha maoine intleachtúla i gComhaontú ITER go bhfuil na hacmhainní intleachtúla uile is gá ag an tionscadal chun é a fhorbairt agus a oibriú go rathúil, lena n-áirithítear neamhspleáchas iomlán ar chearta maoine intleachtúla na Rúise; ag tabhairt dá haire go bhfuil a ranníocaíochtaí comhchineáil uile faoi Chomhaontú ITER comhlíonta ag an Rúis; á chur i bhfáth gur cheart go rannchuideodh gníomhaíochtaí Chomhghnóthais an Aontais le héagsúlú na slabhraí soláthair chun ceannasacht theicneolaíoch iomlán a bhaint amach;

50. ag cur béim ar an moladh ón gCúirt gur cheart don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a chóras bainistithe riosca a neartú trí na rioscaí cothrománacha uile a eascraíonn as bonnlínte 2024 a mheas;

51. á chur in iúl an athuair gur cúis mhór imní di na heasnaimh seo a leanas i mbainistiú acmhainní daonna a sainaithníodh laistigh den Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt:

    (a) léirigh an Suirbhé Pulse a rinneadh le déanaí i measc na foirne go bhfuil tuiscint ann ar choinbhleachtaí idirphearsanta forleathana atá ann cheana (77 % de fhreagróirí), foréigean síceolaíoch (9,9 % de fhreagróirí), gnéaschiapadh (7,3 % de fhreagróirí), agus foréigean fisiciúil (4,7 % de fhreagróirí); á iarraidh ar an gComhghnóthas aird chuí a thabhairt ar thorthaí an tsuirbhé agus obair leantach a dhéanamh go pras le gníomhaíochtaí nithiúla chun aghaidh a thabhairt ar an staid; ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá dea-bhail na foirne;

    (b) spleáchas leanúnach an Chomhghnóthais ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha le 313 sholáthraí seirbhíse seachtracha

agus 438 mball foirne reachtúla in 2024; á chur in iúl gur geal léi na bearta a ghlac an Comhghnóthas, lena n-áirítear beartas a ghlacadh in 2024 lena rialaítear sainmhíniú, pleanáil agus úsáid soláthraithe seirbhíse seachtracha, chomh maith le cinneadh 2025 chun a gcomhordú agus a mbainistiú a lárú, atá á gcur chun feidhme faoi láthair; á iarraidh ar an gComhghnóthas leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn ina Thuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí;

52. á chur in iúl gur cúis imní di staid na himeartha maidir le hearcú laistigh den Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, a fuair 39 bpost breise le hearcú faoi dheireadh na bliana airgeadais 2023 chun na cistí suntasacha a fuarthas faoin CAI reatha a chur chun feidhme, ach faoi dheireadh 2024, níor líonadh 14 cinn de na 39 bpost; á iarraidh ar an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach bearta a dhéanamh chun a sprioc earcaíochta a bhaint amach a luaithe is féidir a luaithe a d’fhéadfadh an oibríocht leanúnach le foireann neamhleor cosc a chur air a ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus a chuspóirí a bhaint amach;

53. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ceannasacht dhigiteach a áirithiú i dtaighde arna chistiú ag an Aontas; ag tabhairt chun suntais, ina leith sin, go bhfuil ról lárnach ag an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála, ag an gComhghnóthas um Shliseanna agus ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, ar cheart dóibh tosaíocht a thabhairt do thionscadail lena neartaítear neamhspleáchas an Aontais i réimsí na leathsheoltóirí, na hintleachta saorga agus na cibearshlándála; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh tionscadail a dtacaíonn Comhghnóthais leo an méid seo a leanas: i) gan a bheith ag brath an iomarca ar sholáthróirí tríú tír le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla; ii) athléimneacht thionsclaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú go héifeachtach; agus iii) tacú go gníomhach le hacmhainneacht taighde agus nuálaíochta intíre a fhorbairt in earnálacha digiteacha straitéiseacha;

54. á athdhearbhú gur cúis imní di gur thit ráta cur chun feidhme an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh do bhuiséad íocaíochtaí deontais Fís 2020 tuilleadh go 27 % in 2024 i gcomparáid le 36 % in 2023; á thabhairt dá haire, in 2024, go raibh rátaí cur chun feidhme le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta san Eoraip Dhigiteach fós an-íseal ag 22 % agus 19 % faoi seach i gcomparáid le 89 % agus 18 % in 2023; ag cur sonrú sa mhíniú a thug an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, mar sin féin á iarraidh air a áirithiú go gcuirfear gach cuid dá bhuiséad oibríochtúil chun feidhme go cuí;

55. á thabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, go bhfuil ranníocaíochtaí chomhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh le haghaidh Fís 2020 fós íseal; níor shroich a ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla ach EUR 20,0 milliún, méid atá i bhfad faoi bhun an íosmhéid EUR 420,0 milliún a leagtar síos i rialachán bunaidh an Chomhghnóthais; á mheabhrú go bhfuil gá le hathrú ar shocruithe maoinithe an Chomhghnóthais, lena gcuirtear srian ar chumas an Chomhghnóthais comhar éifeachtach leis an earnáil phríobháideach a áirithiú agus lena gcuirtear cosc air ranníocaíochtaí na hearnála príobháidí le cuspóirí an Chomhghnóthais a chainníochtú i gceart;

Barúlacha maidir leis an obair leantach a rinne na Comhghnóthais ar an gcleachtadh um urscaoileadh roimhe seo

56. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tuarascáil leantach ar rúin ón bParlaimint curtha i dtoll a chéile ag Comhghnóthais ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na gComhghnóthas don bhliain airgeadais 2023; á thabhairt dá haire go léiríonn na tuarascálacha sin, go leibhéal sásúil, tuairimí na gComhghnóthas maidir leis na saincheisteanna ar chuir Parlaimint na hEorpa béim orthu;

57. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa tuarascáil ón gCúirt freisin anailís ar an obair leantach a rinne Comhghnóthais ar bharúlacha roimhe seo agus ar mholtaí le haghaidh gníomhaíochtaí a d'fhoilsigh an Chúirt; á thabhairt dá haire, ina leith sin, gur tugadh aghaidh ar níos lú ná leath de bharúlacha na mblianta roimhe sin faoi dheireadh 2024: Dúnadh 18 as 44 díobh, agus bhí 26 díobh fós ar oscailt; maidir le moltaí na Cúirte ón tréimhse 2021-2023, cuireadh an chuid is mó díobh chun feidhme go páirteach ar a laghad; thairis sin, as na ceithre mholadh a raibh spriocdháta 2024 ag gabháil leo, chuir gach Comhghnóthas dhá cheann acu chun feidhme go hiomlán, chuir cuid acu chun feidhme go hiomlán ceann amháin acu agus chuir cuid eile chun feidhme go páirteach é, agus cuireadh ceann amháin chun feidhme go páirteach; as na hocht gcinn eile le spriocdhátaí níos déanaí, cuireadh ceann amháin chun feidhme go hiomlán, sé cinn go páirteach, agus níor cuireadh ceann amháin chun feidhme go fóill, toisc go mbraitheann sé ar an gCoimisiún; á iarraidh ar na Comhghnóthais uile leanúint de mholtaí na Cúirte a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Chúirt agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn atá déanta;

Iarraidh ar obair leantach

58. á iarraidh ar gach Comhghnóthas a bhí san áireamh maidir le hurscaoileadh a dheonú don bhliain airgeadais 2024 tuarascáil leantach aonair a chur ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí uile a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha a luaitear sa rún seo agus an tuarascáil leantach sin arna síniú ag Stiúrthóir (Feidhmiúcháin) an Chomhghnóthais a chur faoi bhráid

Pharlaimint na hEorpa tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2026;

59. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh tuairimí ginearálta na gComhghnóthas maidir leis an rún sin agus maidir le hábhair eile atá ábhartha don údarás um urscaoileadh a bheith sna tuarascálacha leantacha; á iarraidh ar na Comhghnóthais na tuarascálacha sin a ullmhú go críochnúil, lena gcumhdófar na saincheisteanna uile a tharraing Parlaimint na hEorpa anuas maidir lena ngníomhaíochtaí, agus é sin a dhéanamh ar bhealach comhoibritheach agus iontaofa.